Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 32

# Poist, Fiontar agus Nuálaíocht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead teoranta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana, agus

(b) rinneadh soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitil i 2016 ó leithreasuithe neamhchaite 2015, faoi na socruithe iarchurtha géilliúna a bunaíodh ag Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €8 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs na ndualgais eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann an fheidhm acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Tá an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freagrach as feidhmiú na rialuithe laistigh de na Lárionaid um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 18 go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- is ann do Choiste Iniúchóireachta a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Roinn go hiomlán leis na treoirlínte ach amháin i gcás seacht gconradh dar luach iomlán €431,399. Liostaíodh iad sin i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Coinníodh cúig cinn de na conarthaí sin i bhfeidhm ar feitheamh creatchomhaontuithe láraithe a bheith tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Coinníodh conradh le haghaidh seirbhísí dlí i bhfeidhm mar go raibh moill ann ar an bpróiseas tairisceana. Eisíodh an tairiscint ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2016 agus na conarthaí bronnta ar chomhlachtaí rafara i Mí Feabhra 2017.. Coinníodh conradh eile i bhfeidhm mar go raibh moill ann ar bhaill foirne a athlonnú chuig áitreabh nua agus ní raibh sé indéanta an soláthraí seirbhíse a athrú dá bharr sin. Rinneadh an t-athlonnú sin i mí na Samhna 2016 agus tá sé beartaithe próiseas iomaíoch soláthair a reáchtáil le linn na bliana 2017.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Is féidir liom a dheimhniú gur athbhreithnigh mé clár rioscaí ardleibhéil na Roinne agus na rialuithe comhfhreagracha atá i bhfeidhm chun na rioscaí a sainaithníodh a mhaolú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Cuireadh isteach ar na hacmhainní a bhí ar fáil ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh i 2016 ós rud é go raibh folúntas ann don phost mar Cheannasaí an Aonaid Inmheánaigh. Mar chuid d´iarracht chun iarmhairt an fholúntais seo a mhaolú, seachfhoinsíodh roinnt iniúchtaí le linn na bliana. Ina theannta sin, i 2017 sannadh cuntasóir gairmiúil ó áit eile sa Roinn ar bhonn sealadach chun cabhrú leis an Aonad. I dtaca le líonadh an phoist mar Cheannasaí Iniúchta Inmheánaigh, tá an Roinn tar éis a bheith ag déanamh teagmháil ghníomhach leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) agus táthar ag súil leis go gceapfar iarrthóir atá cáilithe go cuí don phost seo go luath. Tá tionchar ag anailís na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu ar obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta ó am go chéile. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun cinntiú go ndéantar obair leantach i dtaca le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

1 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntasleithreasa do Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntaisleithreasa

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntasleithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntaisleithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntaisleithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntasleithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntasleithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntasleithreasa.

***Tuairim faoin gcuntasleithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntasleithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Réitíonn an cuntasleithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Poist agus Forbairt Fiontar | | | | |
| | *Bunaidh* | 384,485 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,981) | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,000 | 388,504 | 389,680 | 379,379 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 333,130 | | | |
| | *Forlíontach* | 48,349 | 381,479 | 381,126 | 382,633 |
| C | Rialáil | | | | |
| | *Bunaidh* | 82,858 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,368) | 75,490 | 72,153 | 72,833 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | | | **845,473** | **842,959** | **834,845** |
| | *Bain as* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | **47,148** | **52,680** | **51,925** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 753,325 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,000 | | | |
| | | | **798,325** | **790,279** | **782,920** |

**Barrachas lena ghéilleadh**

Dlitear barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar aon leithreasaí nach bhfuil caite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain dár gcionn.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 8,045,508 | 27,492,889 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (10,000,000) |
| Barrachas lena ghéilleadh | 8,045,508 | 17,492,889 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,523 | 22,949 | 24,196 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 686 | 771 | 424 |
| iii | Foghlaim agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,096 | 968 | 828 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 587 | 296 | 450 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,959 | 4,000 | 3,090 |
| vi | Costais ar áitreabh oifige | 1,750 | 800 | 1,271 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 1,210 | 468 | 936 |
| viii | Acmhainní fógraíochta agus faisnéise | 581 | 169 | 391 |
| | | 34,392 | 30,421 | 31,586 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 812,538 | 803,259 |
| Pá | | 22,949 | 24,196 |
| Neamhphá | | 7,472 | 7,390 |
| **Ollchaiteachas** | | **842,959** | **834,845** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **52,680** | **51,925** |
| **Glanchaiteachas** | | **790,279** | **782,920** |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (1,136) | | |
| Dímheas | 1,860 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 1 | | |
| | | 725 | 1,067 |
| **Athraithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (467) | (1,126) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,465) | | |
| Méadú ar stoc | (12) | | |
| | | (1,477) | 1,322 |
| **Caiteachas díreach** | | **789,060** | **784,183** |
| **Caiteachas a iompraíodh áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (caiteachas airgid thirim) (nóta 1.1) | | 23,715 | 22,694 |
| Measchíosanna (caiteachas neamhairgid thirim) (nóta 1.2) | | 2,580 | 1,947 |
| **Glanchostas clár** | | **815,355** | **808,824** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a iompraíodh áit eile i ndáil le Vóta 32.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | e | 91 | 144 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | e | 16,021 | 16,056 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | e | 7,291 | 6,158 |
| An Príomh-Chiste - pinsin Airí | e | 312 | 336 |
| | | 23,715 | 22,694 |

Tugann ‘e’ luach measta nó costas cionroinnte le fios.

**1.2 Measchíos**

Baineann an figiúr barúlach cíosa le dhá réadmhaoin atá i seilbh an Stáit agus atá áitithe ag an Roinn. Tiomsaíodh é ag Oifig na nOibreacha Poiblí bunaithe ar phraghsanna reatha margaidh do chíos.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 6,830 | 7,149 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 138 | 43 |
| | | **6,968** | **7,192** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 2,985 | 14,294 |
| Stoic | 2.5 | 209 | 197 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 2,932 | 922 |
| Ioncam fabhraithe | | 951 | 1,003 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 578 | 1,094 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **7,655** | **17,510** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 718 | 446 |
| Ioncam iarchurtha | | 2,057 | 1,802 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.8 | 2,691 | 2,388 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 872 | 13,000 |
| Dliteanais reatha iomlána | | **6,338** | **17,636** |
| **Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha** | | **1,317** | **(126)** |
| **Glansócmhainní** | | **8,285** | **7,066** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **8,285** | **7,066** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 7,066 | 8,312 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 798,325 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | — | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas | (8,046) | | |
| Glanvóta | | | 790,279 | 782,920 |
| *Glansócmhainní a aistríodh ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais* | | | — | 17 |
| Caiteachas (caiteachas airgid thirim) a iompraíodh áit eile | 1 | | 23,715 | 22,694 |
| Caiteachas neamhairgid thirim - measchíos | 1 | | 2,580 | 1,947 |
| Glanchostas clár | 1 | | (815,355) | (808,824) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **8,285** | **7,066** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2016 | 36,905 | 5,473 | 42,378 |
| Athrangú | (12) | 12 | — |
| Breiseanna | 1,380 | 162 | 1,542 |
| Diúscairtí | (294) | (38) | (332) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2016 | 37,979 | 5,609 | 43,588 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2016 | 29,963 | 5,266 | 35,229 |
| Athrangú | (12) | 12 | — |
| Dímheas don bhliain | 1,794 | 66 | 1,860 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (293) | (38) | (331) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2016 | 31,452 | 5,306 | 36,758 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2016** | **6,527** | **303** | **6,830** |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2015** | **6,942** | **207** | **7,149** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

| | Feidhmchláir inmheánacha |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir 2016 | 43 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain [a] | 507 |
| Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain | (412) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2016 | 138 |

[a] Tá san áireamh ann maoiniú AE ar luach €40,272 a úsáideadh chun sócmhainní TFC a fháil do thionscadail Chiste Chomhair Paitinní.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 2,985 | 14,293 |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | — | 1 |
| | 2,985 | 14,294 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 151 | 137 |
| Soláthairtí TF | 48 | 43 |
| Ábhair ghlantóireachta | 10 | 17 |
| | 209 | 197 |

| **2.6 Réamhíocaíochtaí** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí ag an 31 Nollaig* | 2,932 | 922 |

*Áirítear leis na réamhíocaíochtaí €2.9 milliún ag an 31 Nollaig 2016 airleacan €1.8 milliún arbh ionann é agus an ranníocaíocht ón Stát leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála don bhliain 2017.

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | | 166 | 105 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair | | 307 | 631 |
| Caiteachas in-aisghabhála: | | | |
| Taisteal | 37 | | |
| Seirbhísí comhroinnte | 68 | | |
| | | 105 | 358 |
| | | 578 | 1,094 |

| **2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 24 | 56 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 60 | 60 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 103 | — |
| Cáin Bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach | 37 | — |
| | 224 | 116 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair* | 2,467 | 2,272 |
| | 2,691 | 2,388 |

*Cuimsíonn iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair na nithe seo a leanas: i) sciar na dtáillí athnuachana paitinní dar luach €1.4 milliún, rud is iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní; ii) tuarastail in-aisghabhála - €0.4 milliún; iii) an Clár Comhair Paitinní - €0.3 milliún; iv) dliteanas pinsin na bhfostóirí - €0.3 milliún; agus v) iarmhéideanna ilghnéitheacha eile.

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | 8,046 | 17,492 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 10,000 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (7,174) | (14,492) |
| Glandliteanas don Státchiste | 872 | 13,000 |
| | | |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,985 | 14,294 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 578 | 1,094 |
| | 3,563 | 15,388 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (224) | (116) |
| Iarmhéideanna eile sochair | (2,467) | (2,272) |
| | (2,691) | (2,388) |
| | | |
| | 872 | 13,000 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Ceannach earraí agus seirbhísí | 2,001 | 1,717 |
| Cláir dheontais [a] | 1,515,146 | 1,427,488 |
| Iomlán na gceangaltas a bhí infhorfheidhmithe le dlí | 1,517,147 | 1,429,205 |

[a] Áirítear leis an bhfigiúr seo ceangaltais a chisteofar ón ioncam acmhainne arna ghiniúint ag comhlachtaí Stáit a thagann faoi choimirce na Roinne.

**b) Mórcheangaltais Chaipitil**

Tá deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán ar fiú €6.35 milliún nó níos mó é léirithe ar leithligh i dtábla na mórcheangaltas caipitil.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2015 [a] | Caiteachas sa bhliain 2016 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2016 | Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2015 [a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 61,400 | 19,000 | 99,000 | 179,400 | 148,400 |
| Fiontraíocht Éireann | 250,259 | 58,235 | 203,232 | 511,726 | 439,113 |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 208,711 | 51,248 | 225,843 | 485,802 | 488,800 |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | 124,669 | 20,638 | 26,188 | 171,495 | 171,495 |
| INTERREG | — | — | 21,000 | 21,000 | — |
| | 645,039 | 149,121 | 575,263 | 1,369,423 | 1,247,808 |

[a] Ní áirítear leis an bhfigiúr seo tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2015.

**Difríochtaí suntasacha**

I gcás go bhfuil méadú/laghdú €500,000 tagtha ar chaiteachas clár idir na blianta 2015 agus 2016, tá an difríocht sin mínithe mar seo a leanas:

| Ar bhonn an Tionscadail Aonair | Iomlán an chaiteachais mheasta 2016 | Iomlán an chaiteachais mheasta 2015 | Méadú/(laghdú) bliantúil |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 179,400 | 148,400 | 31,000 |

Baineann an méadú le trí dheontas nua a ceadaíodh sa bhliain 2016.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fiontraíocht Éireann | 511,726 | 439,113 | 72,613 |

Baineann an méadú le cúig thionscadal nua a tugadh isteach ar chostas iomlán €69 milliún agus leis an méadú €3.6 milliún a tháinig ar luach na gceangaltas tionscadail reatha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 485,904 | 488,800 | (2,896) |

Baineann an laghdú le tionscadal amháin a meastar go mbeidh an costas a bheidh i gceist leis níos ísle ná a measadh ar dtús.

| | | | |
|---|---|---|---|
| INTERREG | 21,000 | — | 21,000 |

Thug an Roinn tiomantas i 2016 maidir le maoiniú ar luach €21 milliún i dtreo Chlár reatha INTERREG, a bheidh ar siúl go dtí 2022.

**2.11 Dliteanais Aibithe**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 266 | 206 |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fo-Mhírchinn

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Forbairt Post agus Fiontar** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 8,339 | 7,886 | 8,158 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,726 | | | |
| | | *Forlíontach* | (776) | 1,950 | 1,940 | 2,188 |
| A.3 | Pinsin oidhreachta ghníomhaireachta | | | 39,969 | 39,783 | 39,086 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | | 7,465 | 7,560 | 7,840 |
| A.5 | GFT Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 153,680 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,200) | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 10,000 | 157,480 | 156,459 | 156,599 |
| A.6 | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | | 6,237 | 5,094 | 5,619 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 131,749 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,030) | 125,719 | 127,954 | 126,928 |
| A.8 | Forbairt fiontar áitiúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,931 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8 | 28,939 | 28,921 | 29,442 |
| A.9 | Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa | | | 500 | 377 | 245 |
| A.10 | Forbairt fiontar INTERREG | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,770 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,770) | — | — | 1,224 |
| A.11 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | 1,899 | 3,694 | 2,049 |
| A.12 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | | 1 | 1 | 1 |
| A.13 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 219 | | | |
| | | *Forlíontach* | (213) | 6 | 11 | — |
| A.14 | Ciste Iasachta Mhicrea-Airgeadas Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,000 | 10,000 | 10,000 | — |
| | | | | 388,504 | 389,680 | 379,379 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1,176,000 níos mó ná a soláthraíodh (lenar áiríodh géilleadh iarchurtha agus cistiú breise faoin meastachán forlíontach). Sháraigh an caiteachas iarbhír an meastachán bunaidh faoi shuim €5.2 milliún. Tháinig formhór na ndifríochtaí i gcaiteachas astu seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 786 | Tríd is tríd, bhí an caiteachas neamhphá ar fud na dtrí chlár 24% níos lú ná a measadh. Bhí caiteachas ar Chlár A 29% níos lú ná an meastachán bunaidh. Tháinig an gannchaitheamh/na coigiltí is mó chun cinn sna réimsí seo a leanas: (i) caiteachas a bhain le baill foirne in dhá fhoirgneamh a athlonnú mar thoradh ar chinntí ó Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le léasanna foirgnimh. Cuireadh an ghníomhaíocht sin siar go dtí an bhliain 2017; (ii) coigiltí a d'eascair as caiteachas laghdaithe litirphoist agus teileafónaíochta mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta sna réimsí sin; (iii) seirbhísí comhairleachta – coigiltí a d'eascair as tionscadail áirithe a chur in ord tosaíochta an athuair le linn na bliana agus as roinnt tionscadal ar cuireadh tús leo sa bhliain 2016 a bheith le críochnú sa bhliain 2017; agus (iv) fógraíocht – gearradh siar ar fheachtais feasachta agus cuireadh moill ar chinn eile. |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | 1,143 | Tháinig an gannchaitheamh astu seo a leanas: (i) gannchaitheamh €780,000 ar phinsin agus ar chnapshuimeanna pinsin toisc go raibh an líon daoine a chuaigh ar scor i bhfad níos lú ná a measadh mar gheall gur fadaíodh an 'tréimhse chairde' scoir ó mhí an Mheithimh 2016 go mí Aibreáin 2019; (ii) gannchaitheamh €300,000 ar phá mar gheall ar chostais phárolla a bheith níos ísle ná a measadh; agus (iii) gannchaitheamh €63,000 ar chaiteachas caipitil a d'eascair as teip sócmhainní áirithe a athsholáthar sa bhliain 2016 mar a beartaíodh ar dtús. |
| Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa | 123 | Bhí an meastachán bunaithe ar uasmhéid €150,000,000 a bheith á iasachtú agus á ráthú faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa. Chlúdaigh an meastachán an costas ar an Scéim a oibriú, mar aon le héilimh ag iasachtóirí rannpháirteacha ar an ráthaíocht 75%. Is iad seo a leanas na cúiseanna leis an ngannchaitheamh: (i) bhí glacadh leis an Scéim níos ísle ná a bhíothas ag súil leis, agus (ii) ní bhfuarthas ach líon réasúnta íseal éileamh ar an ráthaíocht faoi dheireadh na bliana. |
| Forbairt fiontar INTERREG | 2,770 | Géilleadh an leithdháileadh iomlán i bpróiseas meastacháin fhorlíontaigh na Roinne toisc go raibh moill shuntasach ann le linn na bliana 2016 ar Chlár reatha INTERREG a thosú, rud a bheidh ar siúl go dtí an bhliain 2022. Ceann de na cúiseanna leis an moill sin ba ea moilleanna riaracháin in Údarás Bainistíochta an Aontais Eorpaigh go luath sa bhliain. Ba é an phríomhchúis léi, áfach, ná an cinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh chun imeacht ón Aontas Eorpach. D'fhág sé sin nach bhféadfaí aon cheangaltais a chomhaontú go dtí go réiteodh an lucht polaitíochta (in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach) ceangaltais fhadtéarmacha chistiúcháin don todhchaí. Ba ag deireadh na bliana 2016 a réitíodh an tsaincheist sin. Mar gheall air sin, níor caitheadh aon airgead agus níor tosaíodh aon tionscadail go dtí an bhliain 2017. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | (1,795) | Tharla an tearc-chaitheamh ar an bhfo-cheannteideal seo go príomha mar gheall ar íocaíocht síntiús 2017 don Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a raibh luach €1.8 milliún ag baint leis i Mí na Nollag 2016. Bhí an meastachán bunaithe ar íocaíocht síntiús 2016 amháin. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 208 | I gcomhréir le bainistíocht stuama Vóta, is ceart cistiú teagmhasach éigin a chur ar leataobh i gcás go dtiocfadh aon chostais nach rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana airgeadais. Níor iompraíodh ach méid beag caiteachais theagmhasaigh sa bhliain 2016, áfach. |
| Ciste Iasachta Mhicrea-Airgeadas Éireann | (10,000) | Mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh, cuireadh cistiú €10,000,000 ar fáil do Mhicrea-Airgeadas Éireann chun iasachtaí neamhurraithe gnó ar fiú idir €2,000 agus €25,000 iad a sholáthar chun cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta agus le leathnú gnólachtaí beaga seanbhunaithe. Soláthraíodh an maoiniú breise seo chun tacú le hobair leanúnach an Chiste do thréimhse bhreise 5 bliana. |

| | | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **B** | **Nuálaíocht** | | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | | 5,992 | 5,725 | | 5,725 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,562 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (450) | 2,112 | 2,224 | | 2,092 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | | | 2,791 | 2,632 | | 2,506 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 292,033 | | | | |
| | | *Forlíontach* | 27,000 | 319,033 | 318,998 | | 297,706 |
| B.5 | An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,377 | | | | |
| | | *Forlíontach* | 20,000 | 30,377 | 30,377 | | 55,514 |
| B.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,173 | | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,000 | 21,173 | 21,169 | | 19,086 |
| B.7 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | | 1 | 1 | | 1 |
| B.8 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 201 | | | | |
| | | *Forlíontach* | (201) | — | — | | 3 |
| | | | | 381,479 | 381,126 | | 382,633 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €353,000 níos lú ná a soláthraíodh (lenar áiríodh cistiú breise faoi mheastachán forlíontach). Mar sin féin, sháraigh an caiteachas iarbhír an meastachán bunaidh faoi shuim €47.9 milliún. Tháinig formhór na ndifríochtaí i gcaiteachas astu seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oifig na bPaitinní | 159 | Rinneadh soláthar €150,000 do chóras TFC a fhorbairt lena gcumasófaí iarratais ar Phaitinní agus ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta a ríomhchomhdú. Cé go ndearnadh dul chun cinn ar an tionscadal seo le linn na bliana, níor iompraíodh aon chaiteachas ina leith. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
| --- | --- | --- |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | (26,965) | Rinneadh an leithdháileadh bunaidh don fho-mhírcheann seo a mhéadú faoi €27,000,000 de bhun meastachán forlíontach. Úsáideadh na cistí breise chun deontais bhreise a íoc faoin nGlao ar Bhonneagar Taighde ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Cuireadh Céim I den chlár sin i gcrích sa bhliain 2015. Ba i mí Feabhra 2016 a thit an spriocdháta le haghaidh tairiscintí a chur isteach do Chéim II. Le linn Chéim II, iarradh tograí i ndáil le bonneagar taighde mórscála do chomhlachtaí taighde.<br><br>Íocadh méid iomlán an mheastacháin fhorlíontaigh amach mar chuid den chaiteachas iomlán €47,400,000 faoin gclár sa bhliain 2016. Dámhadh 36 dheontas san iomlán chun tacú le heolaíocht na hÉireann i réimsí amhail ard-déantúsaíocht, soláthar drugaí, íomháú tríthoiseach, nanaitheicneolaíocht, líonraí amach anseo, mórshonraí, fuinneamh in-athnuaite, bia agus an comhshaol, agus sláinte ainmhithe agus sláinte an duine. |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | (20,000) | Soláthraíodh suim ar luach €20,000,000 mar mheastachán forlíontach chun cláir CTITL a mhaoiniú. Tá Institiúidí Ardoideachais (IAO) ar bronnadh maoiniú orthu do thionscadail chaipitil faoi Thimthriall 5 CTITL á gcúiteamh go cúlghabhálach ó Vóta RPFN. Baineadh úsáid as leithdháileadh an mheastachán fhorlíontaigh chun suimeanna a íoc a bhí le híoc do IAO do thionscadail Thimthriall 5, lena n-áirítear IT Chorcaí, OCBÁC, ITBÁC, OÉG, OÉMN, OBÁCCT, COC, COBÁC, OL agus ARÉ. |
| Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | (1,996) | Leithdháileadh suim bhreise €2,000,000 i leith ranníocaíocht na hÉireann le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa le linn an phróisis mheastacháin fhorlíontaigh. Ba ar dhá chlár forbartha teicneolaíochta de chuid na Gníomhaireachta a leithdháileadh an ranníocaíocht bhreise. Tugadh cistiú €1,000,000 an ceann don Chlár Teicneolaíochta Tacaíochta Ginearálta agus don chlár um Ardtaighde i gCórais Teileachumarsáide.<br><br>Chun leithdháileadh cothrom conarthaí a chinntiú ar fud na mballstát, feidhmíonn GES polasaí aisíoca gheografaigh. Ciallaíonn sin gur gá go mbeadh luach na gconarthaí a ghnóthaítear ag comhlachtaí a bhíonn ag feidhmiú i mballstát ar cóimhéid leis an leibhéal maoinithe a soláthraíodh ag an mBallstát sin do GES. Cheadaigh an maoiniú breise go raibh GES in ann roinnt conarthaí a bhronnadh ar thairiscintí rafara ó chomhlachtaí dúchasacha agus IDE atá lonnaithe in Éirinn. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 201 | I gcomhréir le bainistíocht stuama Vóta, is ceart cistiú teagmhasach éigin a chur ar leataobh i gcás go dtiocfadh aon chostais nach rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana airgeadais. Níor iompraíodh ach méid beag caiteachais theagmhasaigh sa bhliain 2016, áfach. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Rialáil** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | | 10,192 | 9,338 | 10,313 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,581 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,058) | 3,523 | 3,308 | 3,110 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,087 | | | |
| | | *Forlíontach* | (837) | 18,250 | 18,050 | 17,009 |
| C.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleoireachta ceardchumann – airgead teoranta | | | 900 | 900 | 900 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | | 17,544 | 17,884 | 18,217 |
| C.6 | Cónascthaí ceardchumann | | | 80 | — | — |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,015 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,227) | 2,788 | 2,728 | 3,073 |
| C.8 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,141 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,042) | 10,099 | 9,181 | 9,124 |
| C.9 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | | | 224 | 83 | 203 |
| C.10 | Tacaíocht do thomhaltóirí | | | 45 | 44 | — |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | | 7,318 | 6,664 | 7,244 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,395 | | | |
| | | *Forlíontach* | (432) | 1,963 | 1,793 | 1,557 |
| C.13 | An Coimisiún um Pá Íseal | | | 474 | 286 | 260 |
| C.14 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | 1,557 | 1,536 | 1,555 |
| C.15 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | | 220 | 92 | 50 |
| C.16 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,085 | | | |
| | | *Forlíontach* | (772) | 313 | 266 | 218 |
| | | | | 75,490 | 72,153 | 72,833 |

**Difríochtaí suntasacha**
Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €3.3 milliún níos lú ná a soláthraíodh (lenar áiríodh laghdú ar chistiú trí mheastachán forlíontach). Bhí an caiteachas iarbhír €10.7 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh. Tháinig formhór na ndifríochtaí i gcaiteachas astu seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Riarachán – neamhphá | 1,273 | Tríd is tríd, bhí an caiteachas neamhphá ar fud na dtrí chlár 24% níos lú ná a measadh. Bhí caiteachas ar Chlár C 28% níos lú ná an meastachán bunaidh. Tháinig an gannchaitheamh/na coigiltí is mó chun cinn sna réimsí seo a leanas: (i) caiteachas a bhain le baill foirne in dhá fhoirgneamh a athlonnú mar thoradh ar chinntí ó Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le léasanna foirgnimh. Cuireadh an ghníomhaíocht sin siar go dtí an bhliain 2017; (ii) coigiltí a d'eascair as caiteachas laghdaithe litirphoist agus teileafónaíochta mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta sna réimsí sin; (iii) seirbhísí comhairleachta – coigiltí a d'eascair as tionscadail áirithe a chur in ord tosaíochta an athuair le linn na bliana agus as roinnt tionscadal ar cuireadh tús leo sa bhliain 2016 a bheith le críochnú sa bhliain 2017; agus (iv) fógraíocht – gearradh siar ar fheachtais feasachta agus cuireadh moill ar chinn eile. |
| An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre | 1,037 | Tháinig an gannchaitheamh €1,060,000 ar phá astu seo a leanas: (i) an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre: bhí gannchaitheamh €403,309 ann mar gheall go raibh an líon Oifigeach Breithniúcháin seachtrach i bhfad níos ísle ná a measadh agus mar gheall go raibh roinnt folúntas ann sa Choimisiún sa bhliain 2016 agus gur thóg sé tréimhse shuntasach air iad a líonadh; (ii) an Chúirt Oibreachais: bhí gannchaitheamh €506,749 ann mar gheall ar sholáthar a bheith déanta do phinsin agus d'aiscí a íoc le comhaltaí den Chúirt Oibreachais a bhí i dteideal dul ar scor sa bhliain 2016 ach a chinn gan déanamh amhlaidh – déantar soláthar teagmhasach gach bliain chun freastal ar scor de dheasca drochshláinte agus ar bhás le linn seirbhíse i measc comhaltaí den Chúirt Oibreachais – agus mar gheall ar an bpost mar Leaschathaoirleach a bheith folamh ó mhí Iúil 2016 i leith; (iii) an Binse Achomhairc Fostaíochta: bhí gannchaitheamh €150,374 ann mar gheall ar an laghdú ar ghníomhaíocht an Bhinse. Bhí laghdú ann ar an líon éileamh a rinneadh, ar an líon éisteachtaí a liostaíodh agus ar an líon foirne a bhí fostaithe. Ó bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais i mí Dheireadh Fómhair 2015, scoir an Binse Achomhairc Fostaíochta de ghlacadh le héilimh agus le hachomhairc sa bhliain 2016. Thosaigh sé ag díriú ar a chásanna oidhreachta.<br><br>Ba é an costas a bhain le feistiú na Cúirte Oibreachais (idir chostais troscáin agus roinnt costas foirgníochta) ar a athlonnú chuig Teach Lansdún ba chúis leis an róchaitheamh €24,000 i gcaiteachas neamhphá. Níor cuireadh na costais sin san áireamh nuair a bhíothas i mbun idirbheartaíochta ar an mbuiséad neamhphá sa bhliain 2016. B'amhlaidh sin mar gurbh é tuiscint na Cúirte go nglanfadh Oifig na nOibreacha Poiblí an caiteachas sin. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 2,287 | Tháinig an gannchaitheamh €802,000 ar chaiteachas pá as an moill ar phoist nuacheadaithe agus folúntais a tháinig chun cinn sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 a líonadh. Bhí an buiséad bunaithe ar 39 mball foirne. Dá ainneoin sin, b'ionann agus 31 bhall foirne an meánlíon ball foirne a bhí fostaithe ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2016.<br><br>Baineann gné shuntasach den bhuiséad neamhphá le táillí réamh-mheasta dlí agus cuntasaíochta atá bainteach le cásanna cúirte atá á n-ullmhú agus atá os comhair na gcúirteanna. Ní féidir castacht, uainiú ná fad na n-imscrúduithe ná na n-éisteachtaí cúirte a réamh-mheas go beacht. Ní féidir cineál na mbreitheanna a thabharfaidh an chúirt sa deireadh a réamh-mheas go beacht ach oiread. Chuige sin, bhí an figiúr toraidh don bhliain 2016 €1,500,000 níos lú ná a leithdháileadh. B'amhlaidh sin mar nár tháinig costais fhéideartha dlí chun cinn sa bhliain. |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2,960 | Bhí gannchaitheamh pá €1,800,000 ann. Tháinig sé chun cinn go príomha mar gur éirigh roinnt ball foirne as, mar gur tugadh líon suntasach folúntas ar aghaidh ón mbliain 2015 agus mar gur tháinig folúntais bhreise chun cinn sa bhliain 2016. Sa bhliain 2016, b'ionann agus 106 bhall foirne an líon ball foirne a bhí ceadaithe don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Dá ainneoin sin, b'ionann agus 84 bhall foirne an meánlíon ball foirne a bhí fostaithe.<br><br>Bhí gannchaitheamh €1,100,000 ann ar chaiteachas neamhphá d'fheidhmeanna Státchiste agus d'fheidhmeanna Tobhaigh araon sa bhliain 2016.<br><br>Feidhmeanna Státchiste: Cuireadh leithdháileadh buiséid ab fhiú €380,000 i leataobh chun íoc as na costais a bheadh bainteach leis an aistriú iarbhír chuig an áitreabh nua i dTeach Bloom, rud nár tharla sa bhliain 2016.<br><br>Áiríodh na nithe seo a leanas le gannchaitheamh €200,000 i réimsí eile riaracháin: (i) comhairleacht: €100,000; (ii) Acmhainní Daonna agus Oiliúint: €50,000; agus (iii) taisteal agus cothabháil, páipéarachas oifige agus TF: €50,000.<br><br>Feidhmeanna Tobhaigh: Tugadh barrachas maoinithe tobhaigh ab fhiú €162,000 ar aghaidh ón mbliain 2015. Baineadh úsáid as chun caiteachas a mhaoiniú sna míonna tosaigh den bhliain 2016. D'iarr an Banc Ceannais (a eisíonn sonraisc thobhaigh an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chuig soláthraithe seirbhísí airgeadais agus a bhailíonn na tobhaigh gach bliain), d'iarr sé go dtabharfaí an próiseas tobhaigh ar aghaidh sa bhliain 2016. Mar thoradh air sin, bailíodh geall le gach ceann de thobhaigh an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí níos luaithe ná i mblianta roimhe. D'fhág sé nach raibh ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí cistí (thart ar €300,000) a tharraingt anuas sa dá mhí dheiridh den bhliain 2016.<br><br>Bhí gannchaitheamh €213,000 ann freisin i roinnt réimsí ceannteidil bhuiséid riaracháin mar thoradh ar na nithe seo a leanas: (i) an mhoill ar an aistriú ionchais chuig Teach Bloom; (ii) laghduithe costais a d'eascair as conarthaí nua a ndeachthas isteach iontu sa bhliain; agus (iii) costais riaracháin atá bainteach le folúntais sa líon foirne (féach freisin an míniú faoi Nóta 4.1). |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 141 | Rinneadh soláthar do na costais a bheadh ag baint le dul ar scor fostaí ar leith sa bhliain 2016, rud a rabhthas ag súil leis. Níor tháinig na costais sin chun cinn mar nach ndeachaigh an fostaí ar scor. |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | 654 | D'eascair an róchaitheamh €222,000 ar an mbuiséad pá as ragobair a ceadaíodh chun bainistiú a dhéanamh ar riaráiste aighneachtaí a tháinig as an bpróiseas tiontaithe chuig Acht na gCuideachtaí 2014. Ba as an moill ar athlonnú na hOifige um Chlárú Cuideachtaí chuig Teach Bloom a tháinig an gannchaitheamh €876,000 ar an mbuiséad neamhphá. Bhí coigiltí comhfhreagracha ann maidir leis an láthair nua a fhógairt, foirmeacha reachtúla agus bileoga faisnéise a athphriontáil leis an seoladh nua agus caiteachas riaracháin eile a bheadh bainteach leis an aistriú. De bhreis air sin, níor réadaíodh tionscadail TF mar thoradh ar mhoilleanna ar sholáthar. |
| Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 602 | Tháinig an gannchaitheamh pá €602,000 a bhí ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann as an bhfíric go raibh an meastachán bunaithe ar líon foirne iomlán de 30 ball foirne a bheith ag an Údarás. Mar sin féin, b'ionann agus 19 mball foirne an meánlíon ball foirne a bhí ag an Údarás sa bhliain 2016 mar thoradh ar na deacrachtaí leanúnacha a bhí aige baill foirne oiriúnacha a mhealladh agus a earcú. |
| An Coimisiún um Pá Íseal | 188 | Bhí aistrithe agus athraithe foirne ina gcúis le gannchaitheamh pá €15,000 mar nár líonadh roinnt de na folúntais. Maidir leis an mbuiséad neamhphá, is é an cur chuige a ghlac an Coimisiún ná costais riaracháin a íoslaghdú a mhéid is féidir, go háirithe i leith costais a bhaineann le cruinnithe agus costais ghaolmhara. Ba le fo-mhírcheann riaracháin na Roinne a íocadh cuid de chostais an Choimisiúin, lenar áiríodh cóiríocht, priontáil agus páipéarachas. Ba é sin ba chúis le gannchaitheamh €173,000. |
| Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | 128 | Tháinig an difríocht chun cinn de bharr na nithe seo a leanas: (i) gannchaitheamh €77,000 mar thoradh ar leibhéal laghdaithe gníomhaíochta i measc Comhchoistí Oibreachais, ar dá bhrí sin a laghdaíodh costais go suntasach trí ghannchaitheamh ar an gcostas a bhaineann le cruinnithe a reáchtáil agus le haon ghníomhaíocht iarmhartach; (ii) gannchaitheamh €6,000 ag an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta de bharr moill ar thionscadal a thosú; agus (iii) coigiltí ilghnéitheacha ag an nGrúpa Rialála Gnó agus ag an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 819 | Is ionann an meastachán agus soláthar teagmhasach do chostais dlí a d'fhéadfadh teacht aníos i roinnt réimsí sa Roinn. Níor tháinig costais den sórt sin chun cinn i roinnt réimsí amhail an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Chúirt Oibreachais agus Forfheidhmiú Corparáideach. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gCabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| 1 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 600 | 672 | 701 |
| 2 | Táillí ceada fostaíochta | 4,900 | 6,862 | 5,477 |
| 3 | Ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta | 270 | 343 | 319 |
| 4 | Fógraí Pionóis Socraithe CCÁO | 18 | 18 | — |
| 5 | Costais Dámhachtana Cúirte CCÁO | 10 | 13 | — |
| **Árachas agus Dlí na gCuideachtaí** | | | | |
| 6 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 16,000 | 20,068 | 17,667 |
| 7 | Clárlann na gCara-Chumann | 50 | 43 | 56 |
| **Cearta Trádála, Iomaíochta agus Margaidh** | | | | |
| 8 | Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964 | 8,300 | 9,083 | 8,612 |
| 9 | Ceadúnais trádála ócáidí | 1 | — | — |
| 10 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 421 | 474 | 459 |
| 11 | Fógraí cumaisc | 520 | 560 | 600 |
| **Eile** | | | | |
| 12 | Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 50 | 207 | 23 |
| 13 | Forbairt Fiontar Áitiúil | — | — | — |
| 14 | Ilghnéitheach | 410 | 313 | 1,368 |
| 15 | Beartas Fiontar (a) | 3,449 | 3,305 | 3,637 |
| 16 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (b) | 2,100 | 1,091 | 1,261 |
| 17 | Aisíocaíocht pá Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 387 | 368 | 340 |
| 18 | Pá agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 1,330 | 1,166 | 1,180 |
| 19 | Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 634 | 274 | 644 |
| 20 | An Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachta | 500 | 495 | 249 |
| 21 | An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 490 | 278 | 336 |
| 22 | Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 6,708 | 7,047 | 8,996 |
| | **Iomlán** | **47,148** | **52,680** | **51,925** |

(a) Léirítear sa Bheartas Fiontar na méideanna a fuarthas ó na Gníomhaireachtaí Fiontar i dtaca le ranníocaíochtaí pinsin foirne. Miondealaíodh an figiúr sin roimhe seo de réir na gceannteideal seo: Idir-Thrádáil Éireann, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus SFADCo (Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne).

(b) Is é atá sna fáltais faoin líne seo ná forchúiteamh páirteach an chaiteachais faoi Fho-mhírcheann C.8.

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal i gcás go raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an méid a measadh agus go raibh sé breis is 5% níos mó nó níos lú ná an méid a measadh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí ceada fostaíochta | (1,962) | Bhí méadú 10,000 cead ann ar an líon ceadanna a eisíodh sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus méadú 40% ar an líon a eisíodh sa bhliain 2015. Bíonn córas Ceadanna Fostaíochta na hÉireann ag brath i gcónaí ar na scileanna agus an taithí a léirítear a bheith i ngannchúis sa Stát a bheith le fáil ag an gcóras iarratais ar cheadanna. Maidir leis an éileamh ón lucht tionscail ar fhreastal ar na heasnaimh scileanna sin le hiarratais ar cheadanna, bíonn sé ag fás de réir mar a bhíonn an earnáil tionsclaíochta ag fás. |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | (4,068) | Ní ann ach do dhá ghné d'ioncam na hOifige um Chlárú Cuideachtaí is féidir a réamh-mheas le cinnteacht ar bith. Is iad an dá ghné sin an t-ioncam ó thuairisceáin bhliantúla a fháil (bunaithe ar an líon cuideachtaí atá ar an gclár agus ráta comhlíonta 90%) agus an t-ioncam ó bhulcshonraí agus íomhánna a dhíol. Díoltar na nithe sin ar phraghas seasta faoi réir conradh atá i bhfeidhm cheana féin. Is iad seo na foinsí eile ioncaim don Oifig um Chlárú Cuideachtaí:<br><br>a) pionóis as comhdú déanach<br><br>b) faisnéis a sholáthar don phobal<br><br>c) táillí as doiciméid eile a chomhdú e.g. corpruithe cuideachta, aistrithe scaireanna, athrú ainm, athbhunuithe, etc.<br><br>Ós rud é go mbíonn na foinsí ioncaim sin ag brath ar na cinntí a dhéanann na cuideachtaí iad féin (d'fhéadfaidís comhdú go déanach agus táille a thabhú nó d'fhéadfaidís gníomh a dhéanamh nach mór a chur in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus a dtabhaítear táille ina leith) agus ar dhaoine aonair a d'fhéadfadh faisnéis faoi chuideachtaí a iarraidh, ní féidir an t-ioncam is féidir a ghiniúint ó na catagóirí gníomhaíochta sin a réamh-mheas. Le linn dó a hioncam do bhliain ar leith a réamh-mheas, féachann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar threochtaí ón mbliain roimhe chun an iompraíocht dhóchúil sa bhliain reatha a mheas. Mar sin féin, níl ansin ach réamhaisnéis agus d'fhéadfadh go mbeadh difríochtaí móra ann idir na figiúirí measta agus na figiúirí iarbhír.<br><br>Is féidir an difríocht ina leith sin a chur i leith na nithe seo a leanas: méadú suntasach ar na pionóis i leith comhdú déanach a íocadh; an líon ab airde riamh de thuairisceáin bhliantúla a comhdaíodh de bharr méadú ar chláruithe cuideachta nua; agus doiciméid bhreise a bheith á gcomhdú mar gheall ar cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an t-ioncam a fuarthas sa bhliain 2016 miondealaithe de réir na bpríomh-cheannteideal seo a leanas: |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | (see table below) |

| | Meastachán | Réadaithe |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuairisceáin bhliantúla | 4,109 | 4,413 |
| Díol bulcshonraí | 535 | 535 |
| Pionóis as comhdú déanach | 8,500 | 10,088 |
| Soláthar faisnéise don phobal | 850 | 913 |
| Táillí as doiciméid eile a chomhdú | 2,006 | 4,119 |
| Iomlán | 16,000 | 20,068 |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964 | (783) | Ba mhó go mór an t-ioncam ó tháillí a fuarthas ó iarratais ar Thrádmharcanna Náisiúnta a athnuachan sa bhliain 2016 ná a bhí sé sa bhliain 2015. Anuas air sin, fuarthas ioncam breise ó tháillí as iarratais ar Phaitinní Eorpacha a athnuachan. Cé go raibh laghdú ann sna táillí a fuarthas ó iarratais ar Thrádmharcanna Idirnáisiúnta, bhí ioncam iomlán Oifig na bPaitinní ó tháillí i bhfad níos mó ná a bhíothas ag súil leis. |
| Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | (157) | Figiúr barúlach a bhí sa mheastachán mar go bhfuil sé deacair fáltais den sórt sin a réamh-mheas; ní bhaineann siad le seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil. Ina ionad sin, is iad sin na costais a dhámhann na Cúirteanna ar an Oifig. Baineann fáltais áirithe le costais arna ndámhachtain i gcásanna coiriúla. Bailíonn an tSeirbhís Chúirteanna na costais sin thar ceann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Mar sin, ní bhíonn aon smacht ag an Oifig ar a mbailiú. Baineann na fáltais uile sa bhliain 2016 le cásanna sibhialta inar dámhadh costais ar an Oifig. Cé go bhforfheidhmíonn an Oifig a mbailiú nuair is féidir, bíonn sé deacair uainiú agus méid cruinn na bhfáltas sin a réamh-mheas. |
| Beartas fiontar | 144 | Tá ioncam an bheartais fiontar comhdhéanta de ranníocaíochtaí pinsin ó Idir-Thrádáil Éireann, ó GFT Éireann, ó Fhiontraíocht Éireann, ó SFADCo agus ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Ní raibh aon difríocht shuntasach ann sna ranníocaíochtaí aonair ó cheann ar bith de na gníomhaireachtaí sin. |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 1,009 | Cistítear feidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) go hiomlán le tobhach a ghearrtar ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais rialáilte. Go dtí seo, tá an Banc Ceannais ag bailiú an tobhaigh thar ceann CCPC ar chúiseanna riaracháin. Ós rud é nach mbailítear an tobhach go dtí lár na bliana, tugann an Roinn cistiú ar fáil roimh ré don Choimisiún ar an gcoinníoll go gcúitítear í roimh dheireadh na bliana trí bhíthin Leithreasaí-i -gCabhair. Is le haghaidh a fheidhmeanna faisnéise airgeadais agus a fheidhmeanna oideachais a fhéadfaidh CCPC an tobhach a chaitheamh. Ní fhéadfaidh sé é a chaitheamh le haghaidh chostais riaracháin/ghinearálta CCPC. Déanann CCPC barrachas ar bith i méid an tobhaigh i mbliain airgeadais ar leith a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Laghdaíonn sé na tobhaigh a leagadh síos i leith na bliana airgeadais deireanaí dá réir.<br><br>Ba é an cistiú laghdaithe faoi Fho-mhírcheann C.8 ba chúis le haisíocaíocht ó CCPC leis an Roinn a bhí níos ísle ná a bhíothas ag súil leis (féach freisin an míniú ar Fho-mhírcheann C.8). |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Pá agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 164 | Rinneadh soláthar sa mheastachán do ranníocaíochtaí d'fhostaithe a chuaigh isteach i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin sa bhliain 2016. Bhí méid iomlán €150,858 ann a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016 agus nár coimeádadh cuntas air faoi fháltais na Roinne, rud a rabhthas ag súil leis ar dtús. Ba iad seo a leanas na cúiseanna eile leis: (i) bhí an meastachán bunaithe ar 80 ball foirne a bheith san fhoireann – b'ionann agus 78 mball foirne an meánlíon ball foirne; agus (ii) deonaíodh iarrataí neamhghnácha (bloc saoire, seachtain oibre níos giorra) do roinnt ball foirne sa bhliain, rud nach ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh. |
| Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 360 | Níor íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta aon ranníocaíochtaí aoisliúntais leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta idir mí Iúil agus mí na Nollag 2016 mar go ndeachaigh roinnt ball foirne ar scor le linn na tréimhse sin agus gur chun cnapshuimeanna do na baill foirne sin a mhaoiniú a úsáideadh na ranníocaíochtaí aoisliúntais a bhí le híoc, ar aon dul leis an gcomhaontú atá i bhfeidhm leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. |
| An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 212 | I gcomhar le SOLAS, cuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta tacaíocht taighde agus rúnaíochta ar fáil don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna Airgeadais. Is ón gCiste Náisiúnta Oiliúna a fhorchúitítear an caiteachas a thabhaíonn an Roinn.<br><br>De bharr fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta Scileanna i mí Eanáir 2016 agus de bharr an ghealltanais a tugadh go mbunófaí Comhairle Náisiúnta Scileanna nua, lean an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar aghaidh ag sainaithint scileanna riachtanacha sa bhliain 2016. Mar sin féin, (i) in ionad an taighde a sheachfhoinsiú, rinne Rúnaíocht an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí an-chuid den obair go hinmheánach, rud a laghdaigh an caiteachas ar thaighde agus ar chomhairleacht sheachtrach; (ii) tháinig folúntas do phríomhoifigeach chun cinn sa bhliain agus níor líonadh é agus; (iii) níor cuireadh tús le haon tionscadail nua tráth a bhíothas ag súil le bunú na Comhairle Náisiúnta Scileanna nua agus le hathnuachan an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Mar thoradh air sin, bhí caiteachas na Roinne níos lú ná a bhíothas ag súil leis agus bhí laghdú iarmhartach ann san fhorchúiteamh ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. |

**4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | 512 |
| Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha | 413 | 2,249 |
| Oifigí Fiontair Áitiúil – caipiteal | 2 | 1,421 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – reatha | 92 | 1,000 |
| An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais – reatha | 5 | 89 |
| Ilghnéitheach | 10 | — |
| GFT Éireann – reatha | — | 49 |
| Fiontraíocht Éireann – caipiteal (A7, B4) | — | 667 |
| Aisghabhálacha creidmheasa easpórtála | — | 41 |
| Méid a aistríodh chuig an Státchiste | (521) | (6,028) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | 1 | — |

| | |
|---|---|
| Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha | Baineann sé seo le cistí neamhúsáidte pá agus neamhphá a tarraingíodh anuas faoi Fho-mhírcheann A.8 sa bhliain 2015. |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – reatha | Baineann sé seo le leithdháileadh cnapshuime pinsin a tugadh ar ais sa bhliain 2015 mar gur lú an líon fostaithe a chuaigh ar scor ná a bhíothas ag súil leis. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| An Roinn agus a hOifigí: | | |
| Roinn | 488 | 480 |
| Oifig na bPaitinní | 24 | 22 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 154 | 160 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 33 | 31 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 110 | 105 |
| | 809 | 798 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,515 | 1,485 |
| | 2,324 | 2,283 |

[a] Cuimsíonn sé seo fostaithe an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá ina ghníomhaireacht neamhthráchtála stáit nach bhfaigheann cistiú go díreach ón Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 144,900 | 146,581 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 822 | 856 |
| Liúntais eile | 2,238 | 1,981 |
| Ragobair | 737 | 717 |
| ÁSPC an Fhostóra | 9,659 | 9,040 |
| **Pá iomlán** | **158,356** | **159,175** |

Is don ghné pá d'Fho-mhírchinn A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, A.8, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.13 a thagraíonn na socruithe luach saothair.

**5.1 An Roinn**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá [a] | 40,476 | 41,106 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 681 | 696 |
| Liúntais eile | 446 | 410 |
| Ragobair | 570 | 533 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,488 | 2,415 |
| **Pá iomlán** [b] | **44,661** | **45,160** |

[a] Áirítear leis an bhfigiúr seo íocaíochtaí pinsin le 31 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais, den Údarás Iomaíochta agus den Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).

[b] Áirítear le pá iomlán pá riaracháin (Fo-mhírchinn A.1, B.1 agus C.1) agus gnéithe pá Oifigí na Roinne (Fo-mhírchinn B.3, C.3, C.7, C.11 agus C.13). Is d'fho-mhírchinn riaracháin amháin a thagraíonn an méid atá curtha ar áireamh i bpá i Nóta 1.

**Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 97 | 11 | 32,546 | 27,965 |
| Liúntais eile [a] | 72 | 8 | 206,984 | 189,637 |
| Ragobair | 218 | 12 | 17,829 | 18,086 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 29 | 15 | 15,559 | 19,934 |

[a] I 2015, is é an chiall a bhain an Roinn as an uasíocaíocht aonair maidir le liúntais eile ná gurb é an t-uasliúntas aonair a íoctar. Leasaíodh sin i 2016 chun an uasíocaíocht liúntais do dhuine aonair a nochtadh. Leasaíodh suim chomparáideach 2015 chun an chiall leasaithe seo a léiriú.

**5.2 Gníomhaireachtaí**

Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo ná na hOifigí Fiontair Áitiúil, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus dá bhrí sin, ní choinníonn an Roinn faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais i leith bhaill foirne na ngníomhaireachtaí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoin líon fostaithe agus faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil sna ráitis airgeadais ábhartha/sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó is féidir an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann freisin.

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 104,424 | 105,476 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 141 | 160 |
| Liúntais eile | 1,792 | 1,570 |
| Ragobair | 167 | 184 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,171 | 6,625 |
| **Pá iomlán** | **113,695** | **114,015** |

**Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 49 | 1 | 13,072 | 11,246 |
| Liúntais Eile | 257 | 39 | 37,245 | 27,303 |
| Ragobair | 62 | 4 | 24,051 | 25,859 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 1 | 26,051 | 28,872 |

**5.3 Socruithe eile luach saothair**

Tugadh conradh oibre 10.5 lá do státseirbhíseach amháin ar scor sa bhliain 2016 chun sainseirbhísí a chur ar fáil. Rinneadh íocaíocht €1,999 i leith na seirbhísí sin sa bhliain 2017.

Soláthraíodh carr cuideachta do POF 3 ghníomhaireacht de chuid na Roinne, ar soláthraíodh ceann amháin acu do Mhí Eanáir agus do Mhí Feabhra amháin.

**5.4 Ró-íocaíochtaí tuarastail**

B’ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €149,844 (42 chás) (2015: €85,701, 14 chás). Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm do 29 cás, agus socruithe déanta chun tús a chur le pleananna aisíoca do na 13 chás eile.

**5.5 Scaoilíocaíocht/Iomarcaíocht**

Sa bhliain 2016, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta ab fhiú €24,592 san iomlán agus scaoilíocaíochtaí ab fhiú €92,175 san iomlán le ceathrar ball foirne Aireachta ar foirceannadh a bhfostaíocht nuair a tháinig an Rialtas nua i mbun oifige. Rinneadh €35,580 sa bhreis i scaoilíocaíochtaí a íoc le triúr ball foirne Aireachta eile.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón Aontas Eorpach

Chomh maith le deontais ón Vóta, fuair oifig na bpaitinní agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh AE go díreach i 2016, faoi mar a thaispeántar thíos:

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2016 Toradh € | 2015 Toradh € |
|---|---|---|---|
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | — | 340,169 |
| A.14 | Micrea-Airgeadas Éireann | 863,633 | — |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | 512,169 | 179,560 |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 247,227 | 498,140 |
| B.4 | Fiontraíocht Éireann | 3,480,540 | 471,087 |
| | | 5,103,569 | 1,488,956 |

Áirítear íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa leis an toradh a léirítear i bhFo-mhírchinn A.8, B.4 agus B.5 faoi Nóta 3.

### 6.2 Coimisiúin, Coistí agus Fiosrúcháin Speisialta

| | Bliain an bhunaithe | 2016 Toradh € | 2015 Toradh € |
|---|---|---|---|
| **Buan/Neamhiata** | | | |
| Comhchoistí Oibreachais | 1946 | 5,876 | 6,482 |
| An Grúpa Rialála Gnó | 2006 | 632 | 2,192 |
| An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta | 2000 | 83,145 | 38,654 |
| An Coiste Iniúchóireachta Rannach | 2004 | 1,800 | 2,700 |
| An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin | 2009 | 642 | 1,344 |
| | | 92,095 | 51,372 |

**6.3 Costais dlí**

| | An líon cásanna | Costais dlí a d'íoc Roinn | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | 2016 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal maidir leo seo a leanas** | | | | | | |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 2 | 214 | 10 | — | 224 | 211 |
| Cearta Fostaíochta | 1 | — | 11 | 6 | 17 | — |
| | | 214 | 21 | 6 | 241 | 211 |

**6.4 Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna**

Cuireadh ar neamhní an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d´ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le feidhm ó 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta uirthi de bheith ag fáil suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla cánacha. Bailítear an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus íoctar é don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn míosúil. Íoctar an t-airgead go díreach don Státchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair, 1987.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méid a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim | 180,979 | 714,599 |
| Méid a íocadh isteach sa Státchiste | 180,979 | 714,599 |

**6.5 Dliteanais Theagmhasacha**

Cuireadh Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa ar bun i mí na Samhna 2012. Faoin scéim, tabharfaidh an Rialtas ráthaíocht pháirteach i leith iasachtaí ó iasachtóirí traidisiúnta do ghnólachtaí inmharthana atá ar an imeall maidir le cinntí a bhaineann le hiasachtú tráchtála agus a bhfuil deacrachtaí acu creidmheas a fháil mar gheall ar cheann amháin de dhá chúis ar leith:

(i) comhthaobhacht neamhleor

(ii) níl ag an iasachtóir na scileanna ná an taithí a theastaíonn chun measúnú cuí a dhéanamh ar an tairiscint de bharr easpa eolais ar earnálacha, ar mhargaí nó ar theicneolaíochtaí nua.

Cuireadh iasachtaí ar fiú €28 milliún san iomlán iad ar fáil cheana féin. Is é €2.8 milliún an t-uasnochtadh a bhféadfadh an Roinn a bheith faoina réir dá bharr na n-iasachtaí ráthaithe sin.

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá aon mhéid iarbhír agus uainiú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

**6.6 Nithe Díscríofa**

Ba iad seo a leanas na suimeanna a díscríobhadh sa bhliain:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna seanchuntas fionraí | 307 | 252 |